Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8411/26**

**COH 67**
**FIN 570**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16392/25 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Ionstraimí airgeadais sa bheartas comhtháthaithe: Tháinig úsáid imrothlach cistí chun bheith ann go pointe áirithe' - Formheas |

1. An 3 Nollaig 2025, fuair Ardrúnaíocht na Comhairle Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2025 dar teideal 'Ionstraimí airgeadais sa bheartas comhtháthaithe: Tháinig úsáid imrothlach cistí chun bheith ann go pointe áirithe'.

2. De bhun na rialacha a leagtar síos sna Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an scrúdú a dhéantar ar thuarascálacha speisialta arna dtarraingt suas ag an gCúirt Iniúchóirí[1], d'ordaigh Coiste na mBuanionadaithe, ag an gcruinniú a bhí aige an 10 Nollaig 2025, don Mheitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiún is Forimeallaí scrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil sin de réir na rialacha a leagtar síos sna conclúidí thuasluaite.

[1] 7515/00 FIN 127 + COR 1.

3. Chuir an Chúirt Iniúchóirí an tuarascáil i láthair ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí an 11 Nollaig 2025. Scrúdaigh an Mheitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí na dréachtchonclúidí ón gComhairle a mhol an Uachtaránacht ag na cruinnithe a bhí aici an 8 Eanáir 2026[2] agus an 4 Márta 2026[3].

4. An 21 Aibreán 2026, tháinig an Mheitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí ar chomhaontú maidir leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle atá san iarscríbhinn[4] a ghabhann leis seo, bunaithe ar an tríú togra a thíolaic an Uachtaránacht.

5. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle na conclúidí ón gComhairle, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad, a fhormheas, mar mhír 'A' ag cruinniú a bheidh aici amach anseo.

---

[2] WK17536/2025 INIT.
[3] WK 17536/2025 REV 1.
[4] WK 17536/2025 REV 2.

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**

**'Ionstraimí airgeadais sa bheartas comhtháthaithe – Tháinig úsáid imrothlach cistí chun bheith ann go pointe áirithe'**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear 'an Chúirt' anseo feasta) agus na freagraí ón gCoimisiún Eorpach (dá ngairtear 'an Coimisiún' anseo feasta) ar an Tuarascáil;

2. AONTAÍONN SÍ leis an gCúirt go meastar go gcuireann ionstraimí airgeadais feabhas ar éifeachtúlacht an chistithe phoiblí, go háirithe trína gcineál imrothlach a d'fhéadfadh a bheith ann, mar dhreasacht do bhainistíocht fhónta airgeadais do na faighteoirí agus mar ghineadóirí éifeacht ghiarála. Ar an taobh eile, TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE conclúid na Cúirte nár baineadh lánacmhainneacht na héifeachta imrothlaí amach agus nach bhfuil ach athúsáid theoranta á baint as na cistí le linn na tréimhse incháilitheachta;

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbaineann neart na n-ionstraimí airgeadais faoi chuimsiú an bheartais chomhtháthaithe (i) leis na deiseanna méadaithe maidir le rochtain ar mhaoiniú, (ii) le húsáid sholúbtha dreasachtaí ar féidir leo freagairt do na riachtanais éagsúla a thagann chun cinn ag céimeanna éagsúla de shaolré an ghnó, (iii) leis an bhféidearthacht tacú le hinfheistíochtaí poiblí fadtéarmacha lena dtugtar aghaidh ar riachtanais forbartha críochaí;

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcuireann an creat dlíthiúil le haghaidh ionstraimí airgeadais sa bheartas comhtháthaithe ar chumas na mBallstát acmhainní a úsáideadh uair amháin ar a laghad le linn na tréimhse incháilitheachta a choinneáil, ach gur cheart na hathshreabha ó fhaighteoirí deiridh a athúsáid le linn na tréimhse incháilitheachta ábhartha agus ina diaidh araon, i gcomhréir leis an gcineál ionstraimí airgeadais a gníomhachtaíodh;

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearnadh measúnú in iniúchadh na Cúirte ar bhain na Ballstáit agus na réigiúin a ndearnadh iniúchadh orthu leas éifeachtach as acmhainneacht ionstraimí airgeadais an bheartais chomhtháthaithe chun úsáid níos inbhuanaithe a bhaint as cistiú agus ar dhreasaigh an creat a bunaíodh le haghaidh ionstraimí airgeadais an bheartais chomhtháthaithe athúsáid an chistithe ag na Ballstáit agus ag na réigiúin;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:

- Braitheann athúsáid na gcistí le linn na tréimhse incháilitheachta ar ghnéithe na hionstraime airgeadais, ach tá sé an-teoranta ar an iomlán;

- D'fhéadfadh brú ionsúcháin a bheith ina phríomhchúis le hathúsáid theoranta na gcistí, toisc go gcuirfí gealltanais ar ceal mar thoradh ar thosaíocht a thabhairt d'úsáid cistí a aisíoctar le hionstraim airgeadais thar leithdháiltí tosaigh cláir de chistí ionstraime airgeadais a chaitheamh, agus dá bhrí sin go gcaillfí cistí de chuid an Aontais don Bhallstát nó don réigiún;

- Cuireann táirgí airgeadais a bhfuil fad meántéarmach nó fadtéarmach acu teorainn leis an bhféidearthacht na cistí a athúsáid, ós rud é go ndéantar iad a infheistiú i sócmhainní a bhfuil saolré fhada acu, ar minic iad a bheith neamhleachtach, rud a chiallaíonn gur minic a bhíonn athshreabha ar fáil ródhéanach lena n-athinfheistiú le linn na tréimhse incháilitheachta;

- Is féidir athúsáid theoranta cistí a aisíocadh le linn na tréimhse incháilitheachta a nascadh freisin leis an gcuspóir giaráil a bhaint amach trí chaipiteal breise a chruinniú le haghaidh ionstraimí airgeadais ó infheisteoirí príobháideacha. Laghdaíonn athshreabha a úsáidtear chun caillteanais infheisteoirí príobháideacha a chúiteamh na méideanna atá ar fáil lena n-athúsáid;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tuairim ón gCoimisiún ina fhreagraí ar na barúlacha, na tuairimí agus na moltaí a áirítear sa Tuarascáil ón gCúirt, go háirithe go ndéanann an Coimisiún iniúchadh cheana féin ar athúsáid cistí mar chuid dá chur chuige iniúchóireachta reatha le haghaidh iniúchtaí téamacha ar ionstraimí airgeadais agus le linn a iniúchtaí comhlíontachta agus iniúchtaí téamacha eile, agus tá machnamh á dhéanamh aige ar bhearta iniúchóireachta a neartú trí iniúchtaí cothrománacha a dhéanamh ar athúsáid cistí chomh maith leis na Ballstáit a spreagadh chun athshreabha a athúsáid a luaithe is féidir, agus an creat rialála ábhartha á chur san áireamh;

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI go nglacann an Coimisiún go hiomlán leis na moltaí ón gCúirt, MOLANN SÍ don Choimisiún leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar athúsáid iarbhír na gcistí le linn na clárthréimhse sin, agus AITHNÍONN SÍ an gá atá leis an gcreat rialála chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na cistí agus athúsáid athshreabha a áirithiú, agus solúbthacht á ceadú ag an am céanna chun freagairt go leordhóthanach ar riachtanais an mhargaidh agus aon mhéadú ar an ualach riaracháin a sheachaint.